





LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

# Rialáil Brústocaireachta in 2019

## Buaicphointí na Tuarascála Bliantúla

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

## Staitisticí

### Figiúr 1 – Cláraithe Nua Iomlána de réir na Bliana




### Figiúr 2 – Na Cúig Ní Beartais Phoiblí is mó a ndearnadh Brústocaireacht sa bhliain 2019




### Figiúr 3 – Líon na dTuairisceán de réir Thréimhse Tuairiscithe 2017-2019




### Figiúr 4 – Suíomh na gCláraithe




## Cinntí déanta faoin Acht 2019

- Tá an t-údarás ag an gCoimisiún cinntí a dhéanamh faoi ailt 10, 14 agus 22 den Acht. Is féidir na cinntí seo a achomharc.
- Ní dhearnadh aon iarratais chun moill a chur ar fhoilsiú tuairisceáin sa chlár faoi alt 14 den Acht in 2019.
- In 2019, cuireadh tús le 22 imscrúdú maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a d'fhéadfadh a bheith neamhthuairiscithe nó neamhchláraithe, agus bhí 12 díobh tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana. Leanadh ar aghaidh le 10 n-imscrúdú in 2020.
- In 2019, rinne beirt iar-OPA iarratas ar laghdú nó ar tharscaoileadh na tréimhse suaimhnithe bliana dá bhforáiltear faoi acht 22 den Acht. Sa dá chás, ceadaíodh toiliú, faoi réir coinníollacha.



## Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin in 2019

### Cionta faoi alt 20(1) den Acht – tuairisceáin dheireanacha

| Líon na bhFógraí A. 20(1) eisithe | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2019 | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2018 | Tarchurtha le haghaidh ionchúisimh |
|---|---|---|---|
| 28 | 19 | 9 | 1 |

I mí Meithimh 2019, rinneadh an chéad chiontú faoi alt 20(1) den Acht. Theip ar an eagraíocht i gceist tuairisceáin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chur ar fáil faoin spriocdháta agus dhiúltaigh an eagraíocht i gceist na hoibleagáidí a chomhlíonadh. D'fhorchuir an chúirt fíneáil de €1,250 agus bronnadh costais ar an gCoimisiún.

### Cionta faoi alt 20(2) den Acht – teip tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur ar fáil

| Líon na bhFógraí alt 20(2) eisithe. | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2019. | Maidir le tréimhsí tuairisceán 2018. | Tarchurtha le haghaidh ionchúisimh. |
|---|---|---|---|
| 97 | 72 | 25 | 0 |

### Fógraí le haghaidh Íocaíocht Shocraithe seirbheáilte faoi alt 21 den Acht

| Líon na FISanna eisithe | Bainteach le tréimhsí iomchuí 2019 | Bainteach le tréimhsí iomchuí eile | Íoctha | Cealaithe | Neamhíoctha |
|---|---|---|---|---|---|
| 290 | 203 | 87 | 244 | 41 | 5 |

## An Dara hAthbhreithniú Reachtach ar an Acht

In 2019, reáchtáladh an Dara hAthbhreithniú Reachtach ar an Acht. Tá aighneacht an Choimisiúin – ina bhfuil 22 moladh - ar fáil **ar líne**.

## An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Is féidir breathnú ar Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 **ar líne.**

## An Cód Iompair

Tá an Cód Iompair, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019, le fáil **ar líne.**


**R:** info@lobbying.ie | 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773
**T:** (01) 639 5722 | **Suíomh Gréasáin:** Lobbying.ie | **Twitter:** @LobbyingIE